Cia rér fháiltigh Inis Fáil?

[Carney, James: *Poems on the O’Reillys*, Dublin, 1950, poem 19]

Fearghal Óg mac Fearghail .cc.

1 Cia rér fháiltigh Inis Fáil
do bhraith cách uile d’énláimh
go bhfuil cabhair a ndan dí;
rádh ’na aghaidh ní fhuighthi.

2 Sgél a-tá ar luadh a leabhruibh:
ní braitior feadh fuairgheamhruidh
easaonta re trágh ag tuinn
fa Chlár gcneasaolta Criomhthuinn.

3 Do ghéisiodar leath ar leath
Beoir, Life, Siúir as Sligioch
as caoilBhearbha na sreabh séimh
do-gheabh aoinmheanma iaid-séin.

4 Siad a n-énghuth re hEas Ruaidh,
Búill as Sionann as seanMhuaidh,
[snámh míonshrotha fán Maigh moill]
as príomhlocha Cláir Chriomhthuinn.

5 A n-énghuth re hEas Craoibhe
a-tá sruth na seanDaoile
’s cuan ríoGhaillmhe fa searg sriobh
as míonaibhne learg Laighion.

6 Siad a n-énghuth ré ’r-oile,
cuan Éirne, cuan Corcaighe,
’s na srotha fá chuan Cearmna,
a ngotha ag tuar tighearna.

7 Tonn Rudhruighe na ttráchd tte
a n-énghuth re Tuinn Tuaighe,
do labhair Cliodhna as Bóinn Bhreagh,
ní diongna dhóibh a dhéineamh.

8 Meanma re samhailtir sin,
an tráth tarla ’na naoidhin,
do bhí ar Fhódla an fhuinn sgathaigh
ag fógra Chuinn Chédchathaigh.

9 Siúir agus Beoir as Bearbha
iar mbreith Chuinn, cruth soidhealbha,
bos bharrghlan fá cruaidh ccogaidh,

a truaill talmhan tángadoir.

10 Bile Tortan, ní sgél sgeoil,
Eo Rosa, ní rádh aineoil,
teacht dáibh a húir ’na aimsir
gá fáidh dúinn nár dheaghfhaillsigh ?

11 Loch Riach, Loch nEathach, Loch Léin
iar mbreith Chuinn an chnis mhínréidh
[ag so am dhiaidh an t-iúl agaibh]
a criaidh ’na ttriúr tángodair.

12 Mar rugadh Conn an chnis ghil
ní fríoth dúil dona dúilibh
a ccrích bhraointigh na sreabh seang
nar fhaoiltigh ar fheadh Éirionn.

13 An dara huair ní leasg libh
coilén do chuaine an Chuinn-sin;
a bhean loighe Éibhir Fhinn,
roimhe do éirigh h’inntinn.

14 Tusa, a Philib Phuirt Teamhra,
bheanfus di-si a doimheanma;
an chríoch thoghtha do fhuaigh Art,
ní fhuair orchra acht ar iasacht.

15 A mheic Aodha nár ér dháimh,
acht súil ret fhurtacht d’fhagháil,
ní bhiath Éire gan urraidh,
a sgiath fhréimhe Raghollaigh.

16 A rádh as mo iná mithigh,
tig dhíot Éire d’fhóirithin,
fuinn tiorma na sreabh síthe,
a bhiodhbha chean ccoigcríche.

17 Urasa d’fhior do mhéine
furtacht Bhanbha braoinréidhe,
a ursa chogaidh Cnuic Bhreagh,
gidh obair dhuit a dhéineamh.

18 Maith an sás Éirionn d’fhurtacht
tú as mó fhuilngios d’anshocrachd;
gan bharr uaibh-si ag Crú Chriomhthuin,
as tú as uaisle d’Éirionnchaibh.

19 Codluidh tú ad ghormlúirigh glais,
ibhidh tú ag díon do dhúthchais

srotha millse a ngabhlaibh gleann,
a fhaghlaidh innse hÉirionn.

20 Ag iarraidh chruidh ré cciontach
do-ní tú ar each n-aigiontach
suan dot aimhdheoin uair oile,
a thaibhgheoir bruaigh Bóruimhe.

21 Lá eile ag iarraidh fhoghla,
mar dhíon ar cró caolomhna
lor lat férluachair a bhfiodh,
a énbhuachail Mhac Míliodh.

22 Ríomh h'uaisle ní fhédfadh sinn;
a-ta agad ó Éirinn
[cuid dot fhaghuil, a chleath chró]
creach a n-aghaidh na hénbhó.

23 Do-ní tú mar as dual deid
dá échd 'san échd, a Fhilib;
do choir ag éineing ní fhuil,
gan dóigh ag Éirinn ionnaibh.

24 Ní fhuil t'égóir ag Ultaibh,
ní fhuil énbhonn d'iomorcaidh
dod cháir ag mínMhidhe a-muigh,
a ríghbhile Cláir Chobhthaigh.

25 Ní mó a-tá iomarcaidh ort
ag Cúigiodh mhor Ól nÉgmhochd,
a shlat mhaothabhla ó Bhóinn Bhreagh,
ná ag fóir laocharmdha Laighion.

26 Gé lionmhar Mumha Meic Con,
do chóir aca ní anfodh
dá tteagmhadh t'fhine a cClár Chuirc,
a bhile do lár lubhghuirt.

27 A luibh leighis Leithe Cuinn,
a leag lóghmhar ó Liathdruim,
a shlat a criaidh Banbha Breagh,
a liaigh chabhra Mac Míleadh.

28 A Philib, a dhuas deoraidh,
a mhéin aobhdha inleomhain,
ní soghabhtha a n-ágh ret uchd,
a lámh chobhartha Connachd.

29 A lóchrann fola Fearghna,

a chraobh áluinn fhíneamhna,
a rún ríghinghean bhFear bhFail,
a shreabh d'fhírinbhior uaráin.

30 A chuach a ndeoidh a dhonnaidh,
a lán súl síl Raghallaigh,
a sgiath cosnuimh Crú Cobhthaigh,
tú at orsuin re hallmhorchaibh.

31 Tusa, a Fhilib meic Aodha,
sás airgthe gach éntaobha,
tú an ríleomhan fan meirbh muir
do mhíneobhadh bheirn mbaoghail.

32 Tú bheanfas labhra as an Lia,
tú an chloch uasal ón Innia,
tú an chaor a ndiaidh an deargtha,
tú an chraobh a criaidh choiseargtha.

33 Tú thug don éigse a hanáir,
tú an séd a Sruth Orthanáin,
tú an rédhamh ó mhín Midhe
le ngébhar Tír Tairrngire.

34 Tú leannán Muighe Meadhbha,
tú céile na claoinTeamhra,
tú as cnú cridhe do Bhóinn bhrais,
nó as tú bile phóir Pharthais.

35 Nó as tú an tIollánach oirdheirc
nach umhal d'fhior uabhoirneirt,
no as tú an soidheach óir fá fhíon
as róimh d'oineach na n-airdríogh.

36 Nó as tú cnuas an chuill chorcra
le sástar aos adhmolta,
nó as tú an fhíonchaor do Chrú Chuinn,
nó as tú an ríochraobh ó Fhrémhainn.

37 No as tú an déidgheal ó Dhuibhlinn,
no as tú an béilcheart briathoirbhinn,
nó as tú an gruadhchorcra ó Ghurt Breagh
luchd luachmholta d . . . .

38 Nó no as tusa Filib féin,
a throigh sheada, a bhos bhláithréidh,
a chneas seangmhálla, a ghlún geal
nach neamhdhána ar cúl caoilshleagh:

39 A ghrádh buan gach fhir annaimh,
do ghaol féin fuil Raghallaigh,
geall ar ghníomhaibh as dú dí,
clú ós gach fhíonfhuil aice.

40 Saor mé ar am páis[e], a Pheadair,
a n-aimsir an airteagail;
lochd ní fhuighinn ar h’aithne,
ort chuirim mo chumairche.

41 Fear a hiúil ní fhaghann lochd
ar Róis, inghin Chon Connachd;
rug barr ó ógmhnáibh Eamhna
an mhall ógnáir oireaghdha.

42 Filidh uaisle Innse Breagh,
siad ar gach taobh ’na timcheal,
inghion ríogh fhréimhe Colla
do líon d’fhéile eatorra.

43 Cor a clú rug do roghuin
tar ríoghmhnáibh Fhóid Fhearadhaigh,
a daghshamhail as sí sin,
as baramhail i d’Éimhir.

44 Díol cléire ní choiglionn sin
inghion mhíolla Méig Uidhir;
tug gan chradh ar cCrú Airt-ni,
do ghabh an chlú a cumairce.